

Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil
Ollscoil Mhá Nuad

Teastas Eorpach na Gaeilge

Bonnleibhéal 1 (A1)

Scrúdú samplach 2

Cluastuisceant, Léamhthuisceant, Scríbhneoireacht

1. Scríobh d' uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

2. Tá an Scrúdú Cluastuisceana (25%), an Scrúdú Léamhthuisceana (25%) agus an Scrúdú Scríbhneoireachta (10%) sa leabhrán seo. Baineann an 40% eile leis an Scrúdú Cainte.

3. Freagair gach ceist.

4. Mairfidh an Scrúdú Cluastuisceana timpeall 25 nóiméad. Beidh 5 nóiméad agat leis an Scrúdú Léamhthuisceana a léamh sula gcuirfear an taifeadadh ar siúl.

5. Mairfidh an Scrúdú Léamhthuisceana agus an Scrúdú Scríbhneoireachta uair go leith ar fad.

Don oifig amháin

Cluastuisceant

1	<input type="text"/>
2	<input type="text"/>
3	<input type="text"/>
4	<input type="text"/>

Léamhthuisceant

1	<input type="text"/>
2	<input type="text"/>
3	<input type="text"/>
4	<input type="text"/>
5	<input type="text"/>

Scríbhneoireacht

1	<input type="text"/>
2	<input type="text"/>

Cluastuiscint

25% den scrúdú iomlán: (48 marc)

Tá 5 nóiméad agat leis an pháipéar a léamh sula dtosóidh an taifeadadh. Tá ceithre cheist ar fad sa pháirt seo. Cloisfidh tú gach téacs faoi dhó. Freagair na ceisteanna i nGaeilge.

1 Éist le Mairéad agus Cathal ag caint fúthu féin. Scríobh isteach an t-eolas sna bearnaí thíos.

/12 marc


Ainm: Mairéad Ní Chonaola	Ainm: Cathal Ó Brádaigh
Áit chónaithe: _____	Áit chónaithe: _____
Stádas pósta: _____	Stádas pósta: _____
Páistí: <u>0</u>	Páistí: _____
Post: _____	Post: _____
Áit oibre: _____	Áit oibre: <u>ionad siopadóireachta</u>
Caitheamh aimsire: _____ agus _____	Caitheamh aimsire: _____ agus _____

2 Éist leis na trí fhógra agus freagair na ceisteanna thíos.


/12 marc

Fógra 1

- (1) Beidh bialann nua ag oscailt. Cén lá? _____
- (2) Cad a bheidh ar an bhiachlár gach lá?




(A)



(B)



(C)



(D)

Fógra 2

(1) Cad a bheidh ar siúl san amharclann Dé Sathairn seo chugainn?

(2) Cén seoladh a luaitear?

Raidió Cois Locha
4 Sráid Phádraig
Béal Feirste

Raidió Cois Locha
5 Sráid Phádraig
Béal Feirste

Raidió Cois Locha
6 Sráid Phádraig
Béal Feirste

Raidió Cois Locha
7 Sráid Phádraig
Béal Feirste

(A)


(B)

(C)

(D)

Fógra 3


(1) Cad a fuair Máirtín sa halla?




(A)



(B)



(C)



(D)

(2) Cad é uimhir theileafóin Mháirtín?

085 354 _ _ _ _

3

Éist leis na trí theachtaireacht teilifóin agus freagair na ceisteanna thíos. Ní gá abairtí iomlána a scríobh.

/12 marc

Teachtaireacht 1

(1) Cén áit a mbeidh Máirín agus a máthair ag dul tráthnóna inniu?

Beidh siad ag dul _____.

(2) Cén áit a bhfuil Máirín anois?

- A. Ar scoil
 B. Sa bhaile
 C. Ag obair

Teachtaireacht 2

(1) Cén áit a mbeidh an cluiche ar siúl? _____

(2) Cén áit a mbeidh Brian amárach?



(A)



(B)




(C)



(D)

Teachtaireacht 3

(1) Cá bhfuil pian ar Antain?




(A)



(B)



(C)



(D)

(2) Beidh Antain saor idir

- A. 2.00 – 4.00
 B. 3.00 – 4.00
 C. 3.00 – 5.00
 D. 4.00 – 5.00

4

Éist leis na trí chomhrá agus freagair na ceisteanna thíos.

/12 marc

Comhrá 1

(1) Cá bhfuil Seán ina chónaí? _____


(2) Cá dtéann Seán cúpla uair gach seachtain?



(A)



(B)



(C)



(D)

Comhrá 2


(1) Cén post ba mhaith le Rebecca?



(A)



(B)



(C)



(D)

(2) Cad iad na teangacha atá ag Rebecca? Cuir tic leis na cinn a luaitear.

Polainnis Iodáilis Gearmáinis
 Francis Spáinnis

Comhrá 3


(1) Cá bhfuil Síle ag obair?



(A)



(B)




(C)




(D)


(2) Cén t-am a fhágann Síle an teach ar maidin?



(A)



(B)



(C)



(D)

Léamhthuiscint

25% den scrúdú iomlán: (58 marc)

1

*Léigh na habairtí seo thíos faoi shaol Mháire.
Scríobh an litir cheart A, B, C nó D sna bearnaí thíos.*

/10 marc

- Máire is ainm dom agus tá post nua
A liom B orm C agam D dom
- Bím ag obair gach lá a naoi agus a cúig.
A chun B arís C idir D roimh
- Taitníonn an post nua go mór liom agus tá an go maith
A daoine B tuarastal C monarcha D bille
- Tá an obair crua agus bím go minic.
A scartha B tuirseach C ciúin D líofa
- Dé hAoine, casaim le Pól agustéimid go dtí an phictiúrlann.
A uaireanta B inné C anois D minic

2

Críochnaigh na comhráite seo a leanas.
Cuir tic le A, B nó C i ngach cás.

/10 marc

1. An imríonn tú leadóg? A. Tá, agus peil freisin.
 B. Anois agus arís.
 C. Is cluiche deas é.
2. Bhí mé ar saoire sa Fhrainc i mbliana. A. Ar mhaith leat dul liom?
 B. Cé a bhí leat?
 C. Cé mhéad atá air?
3. Beidh an aimsir go deas amárach. A. Is breá liom é.
 B. Níl sé rófhuar.
 C. Tá súil agam é.
4. Cén áit a bhfuil tú ag obair? A. San ollmhargadh nua.
 B. Gach lá óna hocht go dtí a sé.
 C. Post sealadach atá ann.
5. Cad é atá ort? A. Tá mé tinn.
 B. Tá mé líofa.
 C. Go maith, go raibh maith agat.

3

Cad é a deir Dónall le Síle? Cuir an litir cheart (A-H) isteach i ngach bearna thíos chun an comhrá a chríochnú.

/10 marc

Síle: Cén áit a raibh tú ar saoire i mbliana?

Dónall: 1 (.....)

Síle: Ar thaitin an áit leat?

Dónall: 2 (.....)

Síle: Cén cineál lóistín a bhí agat?

Dónall: 3 (.....)

Síle: Agus cé a bhí leat?

Dónall: 4 (.....)

Síle: Ar mhaith leat dul ann arís?

Dónall: 5 (.....)

- A. Mo dheartháir Seán agus a bhean chéile Bríd.
B. Tá mé ag dul go Meiriceá i mí Lúnasa.
C. Árasán beag atá ann.
D. Chaith mé coicís sa Spáinn, i mbaile beag gar do Seville.
E. Ba bhreá liom, ach tá sé ródhaor.
F. Bhí sé an-deas ar fad.
G. Taitníonn sé go mór liom.
H. D'fhan mé in óstán álainn i lár an bhaile.

4

Léigh an sliocht thíos. Tá Úna ag scríobh chuig a cara pinn nua. Ansin léigh na ráitis. Cuir tic le A, B nó C i ngach cás.

/ 14 marc

...Tá mé féin agus mo theaghlach ag dul ar saoire go Washington D.C. i mí Lúnasa. Is Meiriceánach é m'fhear céile, William, agus tá a thuismitheoirí ina gcónaí sa chathair sin. Tá árasán acu ansin, ach níl sé mór go leor do gach duine. Tá beirt iníonacha agus mac amháin againn, agus ba mhaith le gach duine acu seomra leapa! Bíonn cuid mhór daoine i Washington an t-am sin den bhliain, agus bíonn sé deacair lóistín a fháil.

Chonaic mé óstán ag an aerfort agus bhí sé an-deas ar fad. Tá stáisiún *metro* in aice leis freisin. Ach ní raibh Clíona agus Deirdre sásta leis seo ar chor ar bith. Dúirt siad “Táimid ag iarraidh fanacht in óstán atá in aice leis na siopaí éadaí go léir.” Dúirt mé leo go dtéann traein isteach go dtí an chathair gach deich nóiméad, ach fós ní raibh siad sásta! Dúirt mo mhac, Breandán, nach bhfuil na háiseanna san óstán rómhaith. Is breá le Breandán a bheith ag snámh agus dúirt sé, “Níl mé ag fanacht in óstán nach bhfuil linn snámha ann!”

Labhair mé le William faoin lóistín. “Beimid ag fanacht san óstán sin ag an aerfort agus sin é!” a dúirt mé leis. Dúirt sé “Ach, a Úna, a ghrá, níl galfchúrsa ar bith in aice leis an aerfort!”

1. Tá athair agus máthair William ina gcónaí i Meiriceá.
A Fíor B Bréagach C Ní deirtear
2. Tá dhá sheomra leapa ag teastáil ó theaghlach Úna.
A Fíor B Bréagach C Ní deirtear
3. Síleann Úna go bhfuil na hóstáin in Washington ródhaor.
A Fíor B Bréagach C Ní deirtear
4. Síleann Clíona agus Deirdre go bhfuil na héadaí i Meiriceá níos saoire.
A Fíor B Bréagach C Ní deirtear
5. Bíonn traein ann go minic idir an t-aerfort agus an chathair.
A Fíor B Bréagach C Ní deirtear
6. Cheap Breandán go bhfuil an linn snámha san óstán róbheag.
A Fíor B Bréagach C Ní deirtear
7. Níl aon spéis ag William sa ghalf.
A Fíor B Bréagach C Ní deirtear

5

Léigh an nóta thíos a chuir Tomás chuig a chara, Lisa. Ag baint úsáide as an liosta ag bun an leathanaigh, scríobh **litir amháin** i ngach bearna. Tá 5 fhocal ann nach mbainfidh tú úsáid astu.

14 / marc

Inné mo lá deireanach sa phost agus bhí _____ (1) acu dom san oifig tráthnóna. Bhí fíon agus beoir go leor ann. "Bhí sé go deas bheith ag obair leat agus is mór an _____ (2) go bhfuil tú ag imeacht uainn," a dúirt an rúnaí. Dúirt gach duine rudaí deasa liom, fiú roinnt daoine nach bhfuil _____ (3) rómhaith agam orthu! Nuair a bhí sin críochnaithe, chuaigh mé féin agus cúpla cara amach le haghaidh _____ (4) an-bhlasta in Óstán na Cúirte.

Inniu an chéad lá de mo shaol nua. D'éirigh mé níos moille ná mar a éirím de ghnáth. Bhí sé go deas geansaí agus seanbhríste a chur orm (ní chaithfidh mé _____ (5) a chur orm níos mó). Níl a fhios agam an mbeidh mé ag fanacht i lár an bhaile.

B'fhearr liom cónaí faoin tuath, taobh le sráidbhaile éigin. Saol deas ciúin domsa agus do Nóirín. Ní réitíonn saol an bhaile mhóir liom. Níl na daoine chomh cairdiúil agus a bhí. Bíonn _____ (6) orthu i gcónaí, ag brostú ó áit go háit. Rachaimid go Meiriceá i mí Iúil, nuair a bheidh _____ (7) Lisa ann. Beidh sí daichead i mbliana. Tá mé féin agus Nóirín ag súil go mór leis na laethanta saoire sin.

- | | | | |
|---|----------|---|-----------|
| A | breithlá | G | aithne |
| B | fios | H | tuirseach |
| C | béile | I | éadaí |
| D | brón | J | deifir |
| E | trua | K | cóisir |
| F | culaith | L | gloine |

Scríbhneoireacht

10% den scrúdú iomlán: (26 marc)

1

Críochnaigh an teachtaireacht ríomhphoist seo.
Scríobh FOCAL AMHÁIN i ngach bearna.

/ 10 marc

A(1), a stór,

Bhí mé ag caint le Síle ar maidin agus.(2) sí liom gur ghortaigh tú do

lámh ag an deireadh.....(3). A chréatúir bhoicht! Tá súil agam go bhfuil tú

níos(4) anois. An raibh tú ag an dochtúir nó san(5)? Ba

bhreá..... (6) cuairt a thabhairt ort. An mbeidh tú sa (7)

tráthnóna amárach? Tá mé (8) agus Eoin ag dul chuig (9)

sa chathair anocht ach cuirfidh mé téacs chugat maidin amárach. Tabhair aire duit

féin.

..... (10) go fóill.

Carina

2

Léigh an teachtaireacht ríomhphoist thíos.
Roghnaigh an litir is fearr (A, B, C nó D) do gach
bearna.

/ 16 marc

An bhfuil aon scéal nua agat? An raibh saoire..... (1) agat? Ní raibh mé riamh sa Phortaingéil. An bhfuil sé go deas? Ar(2) sibh in óstán mór? Ba mhaith liom gach rud a chloisteáil!

Bhí dinnéar mór i(3) *Romano's* aréir do lá breithe Bhriain. Is mór an trua nach raibh tú ann! Bhí an-spórt againn agus bhí an bia go hálainn ar fad. Is cócaire (4) é Romano. Bhí anraith glasraí agamsa don chéad chúrsa agus bhí iasc úr le prátaí agam don phríomhchúrsa.(5) rudaí difriúla ar an bhiachlár gach oíche. Bhí Brian san Iodáil anuraidh agus is breá leis bia Iodálach. Bhí (6) buidéal fíona againn agus bhíomar ansin go dtí a dó a chlog ar maidin! Tá mé tuirseach inniu agus tá tinneas cinn (7) Beimid ag bualadh le chéile arís Dé Sathairn chun dul chuig dráma. Tá an (8) nua sa chathair an-deas ar fad.

An mbeidh tú saor? Cuir glaoch orm anocht.

Ádh mór,

Francesca

1. A deas B dheas C deise D deasa
2. A d'fhan B fanfaidh C fan D fhan
3. A mbialann B bialann C bhialann C bialanna
4. A an-mhaith B rómhaith C go maith D an-maith
5. A Bhíonn B Bheidh C Bíonn D Bí
6. A dhá B amháin C cúpla D ceann
7. A agam B orm C liom D dom
8. A amharclann B t-amharclann C amharclanna D amharclainne